Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10567 – ACE / MOSADEX / PHARMALOT COMPOUNDING)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 56/03)

1. An 25 Eanáir 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Ace Holding B.V. ("Ace", an Ísiltír), cuideachta atá á rialú ag GMC VI B.V. (an Ísiltír), Quadrum Investment Fund III B.V. (an Ísiltír) agus Coöperatieve Gilde Healthcare Services U.A. (an Ísiltír),

— Mosadex Holding B.V. ("Mosadex", an Ísiltír),

— Pharmalot Compounding B.V. ("Pharmalot", an Ísiltír), cuideachta atá á rialú ag Mosadex agus Basic Pharma Holding B. V. (an Ísiltír).

Gheobhaidh Ace agus Mosadex rialú comhpháirteach ar Pharmalot ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is é réimse a bhfuil Ace gníomhach ann forbairt, táirgeadh, clárú agus díol cógas le haghaidh grúpaí beaga othar nó tásca nideoige,

— Is é réimse a bhfuil Mosadex gníomhach ann foinsiú agus mórdhíol cógas, feistí leighis agus táirgí sláinte,

— Is é réimse a bhfuil Pharmalot gníomhach ann táirgeadh agus soláthar ullmhóidí cógaisíochta.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin, áfach.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10567 – ACE / MOSADEX / PHARMALOT COMPOUNDING

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË